C/2025/3950

14.7.2025

MOLADH Ó CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE A DHÉANANN IONADAÍOCHT DO NA BALLSTÁIT A BHFUIL AN EURO MAR AIRGEADRA ACU

an 20 Meitheamh 2025

chuig an gComhairle maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026

(C/2025/3950)

LEIS SEO, MOLANN COMHALTAÍ CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH A DHÉANANN IONADAÍOCHT DO NA BALLSTÁIT A bhFUIL AN EURO MAR AIRGEADRA ACU,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 140(2), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuarascáil ón mBanc Ceannais Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise a measúnaithe, tá Comhaltaí na Comhairle a dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu den tuairim chéanna leis an gCoimisiún go bhfuil comhoiriúnacht dhlíthiúil bainte amach ag an mBulgáir agus go n-urramaíonn sí na critéir um chóineasú agus, ag cur na dtosca breise san áireamh freisin, measann siad go gcomhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh.

(2) Agus tagairt á déanamh acu don mheasúnú ar chóineasú ón gCoimisiún agus ón mBanc Ceannais Eorpach, cuireann Comhaltaí na Comhairle a dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu i bhfios go láidir gur gá beartais a dhíriú go hiomlán ar dhul i ngleic leis an dúshlán i ndáil le cóineasú inbhuanaithe gheilleagar na Bulgáire a choimeád ar bun, agus go háirithe cóineasú boilscithe, san fhadtéarma. Chuige sin, molann siad d'údaráis na Bulgáire leanúint de bheartas fioscach a shaothrú a bhfuil sé d'aidhm aige staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach agus leanúint de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire a chur chun feidhme, chun rannpháirtíocht rathúil sa limistéar euro a áirithiú.

(3) Tá súil ag Comhaltaí na Comhairle a dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu go gcomhoibreoidh an Bhulgáir ar bhealach cuiditheach i dtaca le hábhair a bhaineann le rialachas an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh agus le struchtúr an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a thabhairt chun críche,

DO CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ba cheart an maolú maidir leis an mBulgáir de réir bhrí Airteagal 139(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2005 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 20 Meitheamh 2025.

Thar ceann Chomhaltaí na Comhairle a dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI